# Ár dteaghlach

| Feidhmeanna Teanga: Eiseamláirí | |
|---|---|
| Dia daoibh. | Is mise ... |
| Seo é / í ... | Tá mé ... mbliana d'aois. |
| Tá gruaig ... orm / ort / air / uirthi. | Tá súile ... agam / agat / aige / aici. |
| Tá mé i mo chónaí ... / Táimid inár gcónaí ... / Tá siad ina gcónaí ... | |
| Is ... é m'athair. / Is ... í mo mháthair. | |




## 1.2 Éist leis agus léigh an comhrá.

**Ciara** Dia daoibh! Is mise Ciara.
Seo é mo dheartháir Conor.
Is cúpla sinn.

**Conor** Táimid deich mbliana d'aois.
Tá gruaig rua orainn agus súile glasa againn.
Táimid i Rang a Ceathair.





**Ciara** Tá cúigear sa teaghlach. Seo é mo dheartháir Seán.

**Conor** Seo í mo mháthair.
Is altra í.
Seo é m'athair.
Is feirmeoir é.
Táimid inár gcónaí faoin tuath.

# Labhair Linn: Cad é Seo?

| Feidhmeanna Teanga: Eiseamláirí | |
|---|---|
| Cad é seo? | Cad é sin? |
| Cad iad seo? | Cad iad sin? |
| Seo é ... / Sin é ... | Is ... é. / Is ... iad. |

## 5.4 Glac páirt sa dráma.

**Conor** Seo é an seomra folctha.
**Rac** Cad é sin?
**Conor** Sin é an leithreas.
**Ról** Cad é seo?
**Conor** Sin é an cithfholcadán.





**Rac** Cad é seo?
**Conor** Is scáthán é sin.
**Ról** Cad é seo?
**Conor** Sin é an folcadán.

**Ról** Cad é seo?
**Ciara** Sin é an sconna.
Tagann uisce amach as sconnaí.



AONAD 7

# An Scoil

## Labhair Linn: Ár Scoil

| Feidhmeanna Teanga: Eiseamláirí | |
|---|---|
| Seo í ár scoil. | Is scoil bheag / mhór í. |
| Scoil ... an t-ainm atá ar an scoil. | Tá ... ... ranga inti. |




1 Cá bhfuil na páistí?
2 Cén t-ainm atá ar an scoil?
3 Cén sórt scoile í?
4 Cathain a bhíonn an sos beag?
5 Cathain a bhíonn an sos mór?
6 Ainmnigh na seomraí sa scoil.

## Labhair le do chara.

*Cén t-ainm atá ar do scoil?*

*Cad is ainm do do mhúinteoir?*